2019—2020

# Gairm ar Cheoltóirí
# Clár Ceoltóra Cónaithe
# Comhairle Contae Fhine Gall

# Call for Musicians
# Musician-in-Residence Programme
# Fingal County Council

4
4

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council


**Tá gairm ar léiriú spéise á lorg ag Comhairle Contae Fhine Gall ó Cheoltóirí ar mian leo go gcuirfí san áireamh iad ar ár bPainéal Ceoltóirí, agus é mar aidhm ranganna ceoil ar ardchaighdeán a reachtáil do leanaí i mbunscoileanna i bhFine Gall ag tosú i 2019 – 2020.**

Tá sé tugtha le fios ag roinnt bunscoileanna i bhFine Gall go bhfuil spéis ar leith acu oideachas ceoil ar ardchaighdeán a chur ar fáil dá ndaltaí. Is iad na príomhbhacainní atá aitheanta, costas agus saineolas, áfach. Anois, is mian le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall déileáil leis na hábhair imní atá curtha in iúl ag scoileanna a bhaineann le cur le *Clár an Cheoltóra Chónaithe* atá ann cheana féin.

### Clár an Cheoltóra Chónaithe

Is é atá mar aidhm le Clár an Cheoltóra Chónaithe an t-oideachas ceoil a chuirtear ar fáil do leanaí tríd an gcuraclam bunscoile a fheabhsú. Tacaíonn sé le scoileanna ranganna **uirlise** nó **córúla** a reachtáil; agus cabhraíonn sé le múinteoirí ranga a gcumas ceol a theagasc a fheabhsú.

## Réamhrá



# Introduction

**Fingal County Council is inviting expressions of interest from Musicians who wish to be included on our Musicians' Panel, with a view to delivering high quality music tuition to children in primary schools in 2019 – 2020.**

A number of Fingal primary schools have expressed a significant interest in providing quality music education for their students. However, cost and expertise have been identified as key barriers. Fingal County Council Arts Office now wishes to address the concerns raised by schools by expanding the existing *Musician-in-Residence Programme*.

## Musician-in-Residence Programme

The purpose of the Musician-in-Residence programme is to enhance the music education children receive through the primary school curriculum. It supports schools to deliver **instrumental** or **choral** tuition; and assists class teachers build their capacity for music teaching.

# Ról an Cheoltóra

**Ról an Cheoltóra**

Is bunaithe ar mhúnla an cheoltóra chónaithe atá an clár seo chun ceol a theagasc do ghrúpa leanaí atá roghnaithe ag múinteoirí na scoile.

**Seo a leanas le déanamh ag an gceoltóir:**

- Caidreamh oibre a bhunú leis an scoil
- Comhairle a chur ar an scoil i rith na céime pleanála
- Togra a dhearadh i rith na céime pleanála
- Na ranganna a theagasc i rith na céime cur chun feidhme
- Athbhreithniú agus tuairisciú nuair a chuirtear an tionscadal i gcrích

Éilítear ar an scoil athbhreithniú a dhéanamh ar an teagasc agus tuarascáil a chur faoi bhráid Chomhairle Contae Fhine Gall nuair a chuirtear an tionscadal i gcrích. Táthar ag súil go gcuirfidh an ceoltóir leis seo.

Beidh an tréimhse ama agus an plean cur chun feidhme á threorú ag an gceoltóir, ag an scoil agus ag an gcistiú atá ar fáil.

Féadfaidh ceoltóirí rogha a dhéanamh ina n-iarratas oibriú le níos mó ná scoil amháin má tá ar a gcumas a bheith ag obair le roinnt scoileanna i rith na bliana acadúla 2019/2020.

## The Role of the Musician

This programme adopts a musician-in-residence model, whereby the musician will visit the school to deliver music lessons to a group of children identified by the school.

**The musician will:**

- Build a working relationship with the school
- Advise the school at the planning stage
- Design a proposal at the planning stage
- Deliver the lessons at implementation stage
- Review and report upon project completion

The school is required to review the project and submit a report to Fingal County Council upon completion. The musician is expected to contribute to this.

The duration and implementation plan will be directed by the musician, the school and the funding available.

Musicians can select to be matched with more than one school if they are available to commit to multiple schools in the 2019/2020 academic year within their application.

# The Role of the Musician

Roghnófar na scoileanna rannpháirteacha i mí Márta. Tá gairm phoiblí ar scoileanna chun iarratas a dhéanamh ar thacaíocht chomhpháirtíochta chun tionscadal nua ceoil a reachtáil, nó chun tionscadal atá á reachtáil ina scoil cheana féin a fhorbairt, scaipthe ar fud Fhine Gall. Ní mór go mbeadh ceoltóir gairmiúil fostaithe ag gach tionscadal chun ranganna a reachtáil ar thalamh na scoile agus i rith uaireanta scoile. Caithfidh an scoil an méid airgid a lorgaítear san iarratas a chistiú-mheaitseáil.

**Comhaontú idir Comhairle Contae Fhine Gall agus an Scoil**

Iarrann Comhairle Contae Fhine Gall ar scoileanna a bheith uaillmhianach ina smaointeoireacht atá tá sé sásta a bheith páirteach i gComhaontú Cistithe le scoileanna roghnaithe a sholáthraíonn maoiniú meaitseála suas go dtí uasmhéid €6k in aghaidh an iarratais thar thréimhse dhá bhliain. Bronnfar uasmhéid de suas le €3k gach bliain.[1] Is é an méid a ndearnadh iarratas air an t-íosmhéid nach mór don scoil a chur ar fáil freisin.[2]

Is ranníocaíocht chun cur leis na costais a bhaineann go díreach le táillí ceoltóirí é an cistiú atá á chur ar fáil ag Comhairle Contae Fhine Gall.

[1] D'fhéadfadh an t-uasmhéid cistithe tacú le scoil ranganna ceoil a reachtáil gach seachtain i rith bliain acadúil.

[2] Féadfaidh scoileanna DEIS an 'Rogha Rochtana' a roghnú ina n-iarratas, rud a cheadaíonn d'Oifig Ealaíon Fhine Gall a machnamh a dhéanamh ar chomhaontú cistithe malartach leis na scoileanna seo.

## Scoileanna Rannpháirteacha

# Participating Schools

Participating schools will be selected in March.
A public call for schools to apply for partnership support to deliver a new music project, or develop an existing project has been circulated throughout Fingal. Each project must engage a professional musician to deliver lessons that take place on the school grounds and within school hours. The school must match fund the proposed amount they apply for.

[1] The maximum funding amount could support a school to deliver music tuition weekly throughout an academic year.

[2] DEIS schools can select the 'Access Option' within their application which permits Fingal Arts Office to consider an alternative funding agreement with these schools.

**Agreement between Fingal County Council and the School**

Fingal County Council calls schools to be ambitious in their thinking and is prepared to enter into a funding agreement with selected schools to provide **match funding** up to a maximum of €6k per application over a two year period. A maximum of up to €3k will be awarded each year.[1] The amount applied for is the minimum amount the school must also provide.[2]

Fingal County Council funding is a contribution towards costs associated with musician fees only.

# Gairm ar Cheoltóirí — Amlíne

**Céim 1**

Comhlánaigh an fhoirm iarratais atá le híoslódáil ag www.fingalarts.ie Cuir CV & ábhar breise san áireamh. Rachaidh na hiarratais a n-éireoidh leo ar aghaidh chuig an dara céim - an chéim pleanála

**Spriocdháta 8 Márta 2019.**

**Céim 2**

Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí roghnaithe freastal ar cruinniú i gComhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, an tseachtain dar tús an 1 Aibreán 2019. Ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann freastal ar an gcruinniú seo.

**Céim 3**

Nuair a bheidh siad roghnaithe, déanfar an ceoltóir a mheaitseáil le scoil agus buailfidh an dá pháirtí le hOifig Ealaíon Fhine Gall i rith na seachtaine dar tús an 8 Aibreán 2019. Ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann freastal ar an gcruinniú seo.

Buailfidh Oifig Ealaíon Fhine Gall, Príomhoide na scoile agus an Ceoltóir le chéile sa scoil chun an clár a phlé. Íocfaidh an scoil chomhpháirtíochta €200 leis na ceoltóirí chun togra tosaigh a fhorbairt a bheidh bunaithe ar an gcruinniú seo agus a bheidh le cur faoi bhráid Oifig Ealaíon Fhine Gall sula síníonn gach páirtí comhaontú críochnaitheach.

**Stage 1**

Complete the application form which can be downloaded from www.fingalarts.ie Include CV and additional material. Successful applications will progress to planning stage two.

**Deadline 8th March 2019.**

**Stage 2**

Selected applicants will be invited to a meeting at Fingal County Council, Grove Road, Blanchardstown, Dublin 15, on the week of April 1st 2019. Applicants must be available for this meeting.

**Stage 3**

Once selected, the musician will be matched with a school and both will meet with Fingal Arts Office at the school on the week of April 8th 2019. Applicants must be available for this meeting.

Fingal Arts Office, the school principal and musician will meet at the school to discuss the programme. Musicians will be paid €200 from their partner school to develop an initial proposal informed by this meeting for submission to Fingal Arts Office prior to a final agreement being signed by all parties.

# Call for Musicians — Timeline

Cuirfidh Comhairle Contae Fhine Gall an ceoltóir agus an scoil ar an eolas nuair a bheidh an obair riaracháin cheart curtha i gcrích agus ceadaithe. Tá an Comhaontú Críochnaitheach leanúint ar aghaidh faoi réir an phróisis seo a chur i gcrích.

Tabhair faoi deara gur idir Comhairle Contae Fhine Gall agus an scoil chomhpháirtíochta a dhéantar an comhaontú cistithe. Níl aon chomhaontú ann idir an Chomhairle agus an ceoltóir.

### Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Déanfar grinnfhiosrúchán ar gach ceoltóir tríd an scoil ina bhfuil an chónaitheacht le reachtáil. Cuirfear tús leis an bpróiseas seo i ndiaidh an chéad chruinnithe idir na comhpháirtithe i mí Aibreáin ionas nach gcuirfear moill ar bith ar thosach na cónaitheachta i Meán Fómhair.

### Clúdach Dliteanais Phoiblí

Ní mór go mbeadh cumhdach dliteanais phoiblí ag ceoltóirí. Tá an cinneadh ceoltóir a ainmniú ar an bpainéal ceoltóirí faoi réir cóip den pháipéarachas seo a bheith faighte ag Comhairle Contae Fhine Gall.

### Íocaíochtaí

- Íocfaidh an scoil ráta €50 in aghaidh na huaire le ceoltóirí. Seolfaidh an Ceoltóir sonrasc chuig an scoil.
- Beidh difríocht idir ré agus seachadadh tionscadal i ngach scoil.
- Is leis an scoil amháin atá comhaontú cistithe ag Comhairle Contae Fhine Gall. Ní chumhdaíonn sé na costais ar fad a bhaineann leis an gclár a reachtáil. Beidh ranníocaíocht na Comhairle á meaitseáil ag an scoil. Féadfar cistiú na scoile a úsáid le haghaidh uirlisí, táillí ceoltóirí, agus costais ghaolmhara eile.

### Timpeallacht Oibre

Beidh an tionscadal á reachtáil ar thailte scoile agus i rith uaireanta scoile.

## Comhaontú Críochnaitheach

7

Fingal County Council will notify the musician and school when all the correct administrative work has been completed and approved. Final Agreement to proceed is subject to the completion of this process.

Please note the funding agreement is between Fingal County Council and the partnering school. The Council is not entering into an agreement with the musician.

**Garda Vetting**

Musicians will be vetted through the school in which the residency is to take place. This process will begin following the initial partner meeting in April to avoid any delay to the commencement of the residency in September.

**Public Liability Cover**

Musicians must have public liability cover. Inclusion on the musicians' panel is subject to Fingal County Council receiving a copy of this paperwork.

**Payments**

- Musicians will be paid an hourly rate of €50 by the school. The musician will invoice the school.
- The duration and delivery of projects will differ in each school.
- Fingal County Council's funding agreement is with the school only. It does not cover all costs associated with the delivery of the programme. The school will match fund the council's contribution. School funding can be used for instruments, musician fees, and other associated costs.

**Working Environment**

The project will be delivered on school grounds and within school hours.

## Cáilitheacht agus Riachtanais


Is féidir le ceoltóirí gairmiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, a bhfuil taithí acu ar a bheith ag obair i mbunscoileanna, an deis seo a thapú.

**Riachtanach**

- Cáilíocht sa cheol
- Taithí ar a bheith ag obair le leanaí tríd an gceol sa chomhthéacs bunscoile
- Sárscileanna cumarsáide
- A bheith ar fáil ar na dátaí suntasacha ar fad atá sonraithe

**Inmhianaithe**

- Cumhdach Leanaí, Oiliúint Slánchoinneála nó a coibhéis a bheith déanta
- Taithí ar a bheith ag obair le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu
- Iompar Príobháideach (de bhrí go bhfuil líon beag scoileanna i bhFine Gall i gceantair thuaithe)



# Eligibility and Requirements

This opportunity is open to professional musicians both nationally and internationally, who have experience of working in primary school settings.

**Essential**

- A qualification in music
- Experience of working with children through music in a primary school context
- Excellent communication skills
- Availability for all significant dates specified

**Preferable**

- Completed Child Safeguarding, Keep Safe Training or equivalent
- Experience of working with children with special needs
- Private Transport (as a small number of Fingal schools are in rural locations)

# Conas Iarratas a Dhéanamh

**Seol iarratas trí ríomhphost amháin chuig: julie.clarke@fingal.ie**

- Comhlánaigh an fhoirm iarratais agus seol trí ríomhphost chuig Oifig Ealaíon Fhine Gall faoin **8 Márta 2019**.
- Seol CV cothrom le dáta, ina dtarraingítear aird ar thaithí ar a bheith ag obair le leanaí tríd an gceol sa chomhthéacs bunscoile
- Níor cheart **an iomarca** ábhar tacaíochta a chur ar fáil, agus ná cuir ar fáil ach obair atá ábhartha don mhéid thuasluaite.
- Cuir d'fhoirm iarratais agus aon ábhar ábhartha isteach i ríomhphost amháin. Luaigh Clár do Cheoltóir Cónaithe go soiléir i líne an ábhair.
- Tabhair cuairt ar www.fingalarts.ie le haghaidh tuilleadh faisnéise

**Dátaí suntasacha in 2019**

**Spriocdháta d'iarratas: an 8 Márta.**

Reáchtálfar cruinniú in Oifigí Cathartha Chomhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, i rith **na seachtaine dar tús an 1 Aibreán**.

Beifear ag súil go mbeidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo i láthair ag an gcéad **chruinniú pleanála** sa scoil i rith **na seachtaine dar tús an 8 Aibreán.**

# How to Apply

**Email submission only to: julie.clarke@fingal.ie**

- Complete the application form and submit by email to Fingal Arts Office by **8th of March 2019**.
- Supply a recent CV, highlighting experience of working with children through music in a primary school context.
- Support material should be kept to **a minimum**, and only present work relevant to that stated above.
- Submit your application form and support material in one email. Cleary state Musician-in-Residence Programme in the subject line.
- Visit www.fingalarts.ie for further information

**Dates of significance in 2019**

**Application deadline: 8th of March.** Applicants will be shortlisted and called to a meeting.

**Meetings** will take place in Fingal County Council Civic Offices, Grove Road, Blanchardstown, Dublin 15 during the **week of April 1st**.

Successful applicants will be expected to attend the first **planning meeting** with the school during the **week of April 8th**.

## Ceisteanna

Seol ceisteanna sa ríomhphost chuig:
Julie Clarke,
Oifigeach Óige & Oideachais,
Oifig Ealaíon Fhine Gall,
Comhairle Contae Fhine Gall.
julie.clarke@fingal.ie
Fón: 01—890 5960

**www.fingalarts.ie/education**

## Queries

Email queries to:
Julie Clarke,
Youth & Education Officer,
Fingal Arts Office,
Fingal County Council.
julie.clarke@fingal.ie
Tel: 01—890 5960

**www.fingalarts.ie/education**